

# Nótaí an Mhúinteora: Cré a chur i láthair

Gemma Mc Girr

## Ábhair Riachtanacha:

*Terracotta nó cré nádúrtha*

*Clár adhmaid nó píosa amháin cairtchláir an duine*

*Buicéad amháin plaisteach le clúdach dlúth (chun an chré a stóráil)*

*Scannán cumhdaithe*

Is é an terracotta nó an chré nádúrtha is fearr a úsáid chun cré a chur i láthair leanaí. Féadfaidh siad cré a fhiosrú trí na céadfaí agus ba chóir iad a spreagadh chun freagairt do mhothú, do dhreach agus do bholadh na cré. Tugtar liathróid chré do gach leanbh a shuíonn go compórdach ina lámh. Spreag iad chun tuairisc a thabhairt faoin gcaoi a mhothaíonn sé, “tá sé bog, fliuch, mín, cosúil le láib...”

Cad is féidir linn a dhéanamh le cré? Cad a tharlaíonn nuair a phriocaimid, a bhrúimid, a tharraingimid, a fháiscimid, a lúbaimid, a stróicimid, a bhuailimid an chré? Spreag na leanaí chun cur síos a dhéanamh ar an rud a tharlaíonn nuair a bhaineann siad triail as na gníomhaíochtaí sin thuas. Cad a chuireann an cruth atá déanta acu i gcuimhne dóibh? An bhfaca siad a leithéid riamh cheana? An bhféadfaidís ainm a thabhairt dó? An féidir leo an cruth a athrú? Conas?

Iarr ar na leanaí a súile a dhúnadh agus triail a bhaint as na gníomhaíochtaí. Spreag iad chun labhairt faoina bhfuil déanta acu, cur síos a dhéanamh ar a bhfuil déanta acu.

Bain triail as píosaí den chré a stróiceadh as (modh dealaitheach) agus iad a chur ar ais (modh suimiteach) ar chuid eile den liathróid chré. Labhair faoi na cruthanna atá déanta acu.

Trí úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí seo tá féidearthachtaí cré mar mheán don chur in iúl samhlaíoch á fhiosrú ag na leanaí; tá siad ag foghlaim conas a fheidhmíonn cré agus conas is féidir leo í a úsáid chun cruth agus foirm a chur ar na rudaí a shamhlaíonn siad.

Nuair a bhíonn roinnt seisiún ag leanaí ag fiosrú cré le tadhall, féadfaidh siad tosú ag déanamh rudaí as an gcré. Is fearr do leanaí óga cruthanna a tharraingt as an gcré seachas píosaí a ghreamú leo mar nach mbíonn siad ábalta fós ar nithe a ghreamú agus bheadh díomá orthu dá dtitfeadh píosaí as nuair a thriomaíonn an chré. Is féidir ábhair eile a chur i láthair, cipíní líreacáin agus lasáin mar ábhair bhreise tógála, nithe faighte chun uigeacht a chruthú. Féadfaidh na leanaí obair as a samhlaíocht, le carachtair as scéalta, dánta, amhráin, an teilifís. Féadfaidh siad obair lena gcuid eipéireas féin, baill den teaghlach, cairde, peataí.

## Aire do chré:

Ba chóir cré den phlaisteachas ceart a stóráil trína fhilleadh go dlúth i málaí plaisteacha agus iad a shéaladh go hiomlán chun nach dtriomódh sí. Ag deireadh gach seisiúin féadfaidh na leanaí a gcuid cré a chur i málaí ceapairí. Má bhíonn an chré triomaithe beagán, úsáid sprae chun í a fhliuchadh, cuir sna málaí ansin í le séala teann. Is féidir í a choinneáil sna buicéid atá séalaithe go dlúth go dtí go mbíonn sí ag teastáil arís.

## Dánta chun Méara a Spreagadh chun Obair le Cré

### Mo Chréatúr

Rinne mé créatúr  
as cré  
Cad atá ann  
Is deacair a rá.  
Tá a mhúineál caol,  
Tá a chosa ramhar,  
Tá sé cosúil le béar  
Nó le hialtóg.

Tá sé cosúil le nathair  
Nó le seilmide,  
Tá eireaball  
beag catach air,  
Moing mhothallach,  
féasóg shleabhctha  
Cluasa fada  
agus straois aisteach.

Ceithre adharc atá air,  
Súil shleabhctha  
Dhá sciathán crochta  
(ach ní féidir leis eitilt),  
Ní dhéanann sé ach  
suí ar mo sheilf -  
Smaoinigh air, mise a rinne é  
Liom féin!

*Jack Prelutsky*

### Ag Píocadh Srón

Nuair a bhí mé óg  
Phiocadh mé mo shrón.  
Dúirt mé,  
"Tabhair dom ceann acu sin!"

Anois ní maith liom  
An ceann a roghnaigh mé;  
Ní dhéanfá malartú  
Ní dóigh liom?

*Colin Mc Naughton*

### Pat an Cháca, Pat an Cháca

Pat an cháca, Pat an cháca  
An Bháicéir,  
Bácáil cáca dom  
Chomh scioptha agus is féidir.  
Cothromaigh é agus priocáil é  
Agus cuir B air  
Agus cuir san oighean é  
Don Leanbh agus mé féin.

*Anon*

### Spota Dubh

Spota dubh  
Milseán beag

Sleamhnóir uisce  
Craitheoir eireabaill

Ciceálaí cos  
Sleamhnóir ina shuí

Séidteoir panta  
Snuffálaí Cuilleoige

Léimtheoir ard  
Pleisteoir boilge

Catalóg  
Chun FROG  
A DHÉANAMH ASAM  
*Libby Houston*

### Seirindip

Níl Seirindip an seilmide  
in ann gluaiseacht go mear  
Tá mé ag fanacht uirthi leis na  
cianta  
Seo chugainn í faoi dheireadh.  
Ag spaisteoireacht go mall ar a  
boilgín  
síos casán an gháirdín.  
Bhain mise triail as uair amháin  
agus dúradh liom folcadh a ghlacadh

*Wendy Cope*

### Céadchósach

Féadfaidh céadchósach rith le luas lasrach,  
Mar gheall ar na cosa ar fad atá aige,  
Ach nuair a chrochann sé a stocaí amach le triomú,  
Cosnaíonn sé an t-uafás i bpionnaí.

Is maith le céadchósach buataisí Wellington a chaitheamh,  
Ach mar gheall ar a chloigeann céadchósach,  
Tógann sé an fhad na péirí a shortáil,  
Nach mbíonn sé riamh in am don bháisteach.

Tá céad cos ag céadchósach,  
Ach tá mé sásta nach bhfuil siad agamsa mar  
Nuair a bhíonn ceann scríbe sroichte ag céadchósach  
Bíonn a thóin fós sa bhaile.

*Julie Holder*

### An Rógairé i bhFolach

Ceann de na hainmhithe is iontaí  
Is ea an Rógairé i bhFolach,  
Ach mar go mbíonn sé ar chúl an  
chrainn de shíor  
Ní féidir é a fháil.

*Ennis Rees*

### Práta, Dhá Phráta

Práta, dhá phráta,  
Trí phráta, ceathar,  
Cúig phráta, sé phráta,  
Seacht bpráta, tuilleadh!

*Anon*

### Mo Dheirfiúr Laura

Tá mo dheirfiúr Laura níos mo ná  
mise  
Agus crochann sí mé go héasca.  
Níl mé in ann í a chrochadh, thriail  
mé go minic;  
Caitheann go bhfuil rud éigin trom  
taobh istigh di.

*Spike Milligan*

### Humptaí Dumptaí

Bhí Humptaí Dumptaí  
ag suí ar an mballa,  
Thit Humptaí Dumptaí  
Anuas ar an talamh.  
Marcshlua an rí  
Cé gur mór é a neart  
Ní chuirfeadh siad Humptaí  
Ar ais mar ba cheart.

*gan ainm*

### An Sleamhainín

Shnámh an Sleamhainín amach as  
an bhfarraige  
B'fhéidir go mbéarfadh sé ar an  
dream eile, ach ní bhéarfadh sé  
ormsa.  
M'anam nach mbéarfadh tú ormsa  
a Shleamhainín;  
B'fhéidir go mbéarfá ar an dream  
eile, ach ní.....

*Shel Silverstein*

### Toirtís darbh ainm Seosamh

Bhí toirtís ann tráth  
Darbh ainm Seosamh  
A shiúil  
Go han mhall.  
Stopfadh sé ar feadh seachtaine,  
Bhreathnódh sé thart,  
Ag féachaint mórthimpeall,  
Ansin neamhchosúil le hurchar,  
D'imeodh sé arís.

*Michael Palin*